



An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2025
(OR. en)

9752/1/25
REV 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0159(NLE)

ECOFIN 653
UEM 189
EIB
ECB

NÓTA CLÚDAIGH

Uimh. an doic. ón gCoim.: COM(2025) 301 final/2

Ábhar: Togra le haghaidh
RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE
lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 974/98 a mhéid a bhaineann le
tabhairt isteach an euro sa Bhulgáir

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 301 final/2.

Faoi iamh: COM(2025) 301 final/2



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.6.2025
COM(2025) 301 final/2
DOWNGRADED ON 4.6.2025

2025/0159 (NLE)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 974/98 a mhéid a bhaineann le tabhairt isteach an
euro sa Bhulgáir**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

An 4 Meitheamh 2025, d'eisigh an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 140(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Léirítear leis an togra go gcomhlíonann an Bhulgáir na coinníollacha is gá chun an euro a ghlacadh agus go n-aisghairfear maolú na Bulgáire le héifeacht ón 1 Eanáir 2026.

I gcás ina ndéanfar cinneadh deimhneach, beidh ar an gComhairle ina dhiaidh sin na bearta eile is gá a ghlacadh chun an euro a thabhairt isteach sa Bhulgáir.

Le Rialachán (CE) Uimh. 974/98 ón gComhairle maidir le tabhairt isteach an euro ⁽¹⁾, rialaítear tabhairt isteach tosaigh an euro sa chéad rabharta de Bhallstáit sa limistéar euro agus sa Ghréig ⁽²⁾. Leasaíodh an Rialachán sin leis na rialacháin seo a leanas:

– Rialachán (CE) Uimh. 2169/2005, chun ullmhú do mhéaduithe ar an limistéar euro amach anseo

– Rialachán (CE) Uimh. 1647/2006, chun an tSlóivéin a chumhdach (tír a ghlac an euro an 1 Eanáir 2007)

– Rialachán (CE) Uimh. 835/2007, chun an Chipir a chumhdach (tír a ghlac an euro an 1 Eanáir 2008)

– Rialachán (CE) Uimh. 836/2007, chun Málta a chumhdach (tír a ghlac an euro an 1 Eanáir 2008)

– Rialachán (CE) Uimh. 693/2008, chun an tSlóvaic a chumhdach (tír a ghlac an euro i mí Eanáir 2009)

– Rialachán (AE) Uimh. 670/2010, chun an Eastóin a chumhdach (tír a ghlac an euro i mí Eanáir 2011)

– Rialachán (AE) Uimh. 678/2013, chun an Laitvia a chumhdach (tír a ghlac an euro i mí Eanáir 2014)

– Rialachán (AE) Uimh. 827/2014, chun an Liotuáin a chumhdach (tír a ghlac an euro i mí Eanáir 2015)

– Rialachán (AE) Uimh. 2022/1207, chun an Chróit a chumhdach (tír a ghlac an euro i mí Eanáir 2023).

Chun an Bhulgáir a chumhdach le Rialachán (CE) Uimh. 974/98 freisin, is gá tagairt don Bhallstát sin a chur leis an Rialachán sin. Tá na leasuithe is gá ar an Rialachán sin sa togra seo.

Le Plean Náisiúnta na Bulgáire um an Aistriú go dtí Euro sonraítear gur cheart an euro a ghlacadh mar airgeadra na Bulgáire i gcomhthráth le tabhairt isteach nótaí baine agus bonn euro sa Bulgáir.

⁽¹⁾ IO L 139, 11.5.1998, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 2596/2000 ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 974/98 ón gComhairle maidir le tabhairt isteach an euro (IO L 300, 29.11.2000, lch. 2).

2. TORTHAÍ NA gCOMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNÚ TIONCHAIR

Is faoi cheannteidil éagsúla sa Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais agus i gComhairle ECOFIN/an Grúpa Euro a dhéantar plé go tráthrialta leis na Ballstáit faoi na dúshláin a bhaineann leis an mbeartas eacnamaíoch sna Ballstáit. Áirítear orthu sin plé neamhfhoirmiúil ar shaincheisteanna a bhaineann go sonrach leis an ullmhúchán maidir le dul isteach sa limistéar euro faoi dheireadh (lena n-áirítear beartais ráta malairte).

Déantar forbairtí eacnamaíocha sa limistéar euro agus sna Ballstáit a mheasúnú trí bhíthin na nósanna imeachta éagsúla maidir le comhordú agus faireachas an bheartais eacnamaíoch (faoi Airteagal 121 de CFAE go sonrach), agus mar chuid d'fhaireachán agus anailís rialta an Choimisiúin ar fhorbairtí tírshonracha agus ar fhorbairtí ar fud an limistéir (lena n-áirítear réamhaisnéisí, sraith foilseachán rialta, agus ionchur chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais agus chuig Comhairle ECOFIN/an Grúpa Euro). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta agus i gcomhréir leis an gcleachtas roimhe seo, níl gá le haon mheasúnú tionchair foirmiúil.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

3.1. Bunús dlí

Is é Airteagal 140(3) de CFAE is bunús dlí don togra seo, lena gceadaítear na bearta eile a ghlacadh is gá chun an euro a thabhairt isteach sa Bhallstát ar aisghaireadh a mhaolú faoi Airteagal 140(2) de CFAE.

Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil na mBallstát arb é an euro an t-airgeadra atá acu agus d'aon toil an Bhallstáit lena mbaineann, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis di dul i gcomhairle le BCE.

3.2. Coimhdeacht agus comhréireacht

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

Ní théann an tionscnamh seo thar an méid is gá chun a chuspóir a ghnóthú agus comhlíonann sé, dá bhrí sin, prionsabal na comhréireachta.

3.3. An rogha ionstraime dlí

Is amhlaidh gur Rialachán an ionstraim dlí iomchuí chun leasú a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 974/98 ón gComhairle maidir le tabhairt isteach an euro.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon impleacht ag an togra i dtaca le buiséad an Aontais.

5. BARÚLACHA MAIDIR LE hAIRTEAGAIL AONAIR

5.1. Airteagal 1

I gcomhréir le hAirteagal 1 lit. (a) agus le hAirteagal 1a de Rialachán (CE) Uimh. 974/98, sa tábla san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin liostaítear na Ballstáit rannpháirteacha agus sainítear ann dáta glactha an euro, dáta aistrithe an airgid thirim, agus an tréimhse 'céimnithe amach', más infheidhme, i gcás na mBallstát sin uile.

I gcomhréir le hAirteagal 1 lit. (i) de Rialachán (CE) Uimh. 974/98, ní féidir feidhm a bheith ag tréimhse ‘céimnithe amach’ ach amháin maidir leis na Ballstáit sin inarb ionann dáta glactha an euro agus dáta aistrithe an airgid thirim. Níorbh amhlaidh a bhí i gcás an aon Bhallstáit déag a ghlac an euro an 1 Eanáir 1999, ná i gcás na Gréige, a ghlac an euro an 1 Eanáir 2001.

B’ionann dáta glactha an euro agus dáta aistrithe an airgid thirim i gcás na Cipire, na Cróite, na hEastóine, na Laitvia, na Liotuáine, Mhálta, na Slóivéine agus na Slóvaice (an 1 Eanáir 2007 i gcás na Slóivéine, an 1 Eanáir 2008 i gcás na Cipire agus Mhálta, an 1 Eanáir 2009 i gcás na Slóvaice, an 1 Eanáir 2011 i gcás na hEastóine, an 1 Eanáir 2014 i gcás na Laitvia, an 1 Eanáir 2015 i gcás na Liotuáine, an 1 Eanáir 2023 i gcás na Cróite). Mar sin féin, shocraigh na tíortha sin gan tréimhse ‘céimnithe amach’ a bheith acu.

Le Plean Náisiúnta na Bulgáire um an Aistriú go dtí Euro is ionann chomh maith an dáta a leagtar síos i gcomhair dháta glactha an euro agus dháta aistrithe an airgid thirim (an 1 Eanáir 2026), agus shocraigh an Bhulgáir gan tréimhse ‘céimnithe amach’ a bheith aici.

Leis an Airteagal seo cuirtear an Bhulgáir agus na sonraí ábhartha seo a leanas a bhaineann leis an mBallstát sin leis an tábla atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 974/98 in ord prótacail.

An Ballstát	Dáta glactha an euro	Dáta aistrithe an airgid thirim	Ballstát a bhfuil tréimhse ‘céimnithe amach’ aige
‘an Bhulgáir	An 1 Eanáir 2026	An 1 Eanáir 2026	Uimh.’

5.2. Airteagal 2

Leis an Airteagal seo leagtar síos gurb é an 1 Eanáir 2026 dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin, rud a áirithíonn go mbeidh sé infheidhme i gcomhréir le huainiú na ngníomhartha eile ón gComhairle a bhaineann le glacadh an euro ag an mBulgáir, i.e. an dáta céanna a aisghairfear an maolú agus a thiocfaidh an ráta comhshó maidir le lev na Bulgáire i bhfeidhm.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 974/98 a mhéid a bhaineann le tabhairt isteach an euro sa Bhulgáir

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpach, agus go háirithe Airteagal 140(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach ⁽³⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 974/98 ón gComhairle ⁽⁴⁾ déantar foráil maidir leis an euro a chur in ionad airgeadraí na mBallstát a chomhlíon na coinníollacha is gá chun an euro a ghlacadh tráth a tháinig an Comhphobal isteach sa tríú céim den Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta.
- (2) De réir Airteagal 5 d'Ionstraim Aontachais 2005 ⁽⁵⁾, beidh an Bhulgáir rannpháirteach san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta ó dháta an aontachais mar Bhallstát a bhfuil maolú aige de réir bhrí Airteagal 139(1) den Chonradh.
- (3) De bhun Chinneadh (AE) 2025/... ón gComhairle. ⁽⁶⁾, comhlíonann an Bhulgáir na coinníollacha is gá chun an euro a ghlacadh agus tá an maolú maidir leis an mBulgáir le haisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2026.
- (4) Le tabhairt isteach an euro sa Bhulgáir, ní mór na forálacha atá ann cheana maidir le tabhairt isteach an euro a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 974/98, ní mór iad a leathnú chun an Bhulgáir a chumhdach.
- (5) Le Plean Náisiúnta na Bulgáire um an Aistriú go dtí Euro sonraítear gur cheart nótaí bainc agus boinn euro a bheith ina ndlíthairiscint sa Bhallstát sin an lá a thabharfar an euro isteach mar airgeadra na tíre. Dá bhrí sin, is é an 1 Eanáir 2026 an dáta a ghlacfar an euro agus an dáta a aistreofar an t-airgead tirim. Níor cheart feidhm a bheith ag aon tréimhse 'céimnithe amach'.
- (6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 974/98 a leasú dá réir,

⁽³⁾ Tuairim ó [...] [...] [...].

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 974/98 ón gComhairle an 3 Bealtaine 1998 maidir le tabhairt isteach an euro (IO L 139, 11.5.1998, lch. 1).

⁽⁵⁾ Gníomh i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine agus oiriúnuithe na geonarthái ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe (IO L 157, 21.6.2005, lch. 203).

⁽⁶⁾ Cinneadh (AE) 2025/... ón gComhairle maidir le glacadh an euro ag an mBulgáir an 1 Eanáir 2026.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 974/98, cuirtear an iontráil seo a leanas idir an iontráil le haghaidh na Beilge agus an iontráil le haghaidh na Gearmáine:

‘an Bhulgáir	An 1 Eanáir 2026	An 1 Eanáir 2026	Uimh.’
--------------	------------------	------------------	--------

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*